

AN MUILEANN AGUS AN BHRÓ.

Tá abhainn an mhuilinn sa tomharainn idir Coillín agus Muighros. Tá an abhainn ag teacht anuas ó loch Buaile i aice le Cnoc Buidhe. Tá loch eile ar an abhainn i aice leis an bhfarrge Loch A Mhuilinn. Tagann an taoile isteach i Loch An Mhuilinn. Tá cuimhne agam ar muileann a bhí déanta idir an dá loch. Bhí muileann ag Maoilre na mBeach i náit eicint ar an abhainn seo bad é mac Mhaorla a rinne an muileann a chonaic mise. Bhí an muileann seo mar bheadh sé i lár na habhann.

Bhí sé i ndon chuile short ábhar a mhilt le na bhró agus le na chuid deis. Coirce is mó a bhíodh sé a mhilt sé is fuirsinge a bhí sa tír seo. Bhíodh min choirce dá ithe ag na daoine t-am sin d'ith mé féin arán coirce deanta de'n min a meilleadh sa muileann seo.

Chonnaic mé leite déanta den mhin choirce. Ní cheapaim go bhfuil aon arán choirce dhá ithe ag na daoine annseo anois beatha mhaith laidir a bhí ann. Ní fhaca mé boghsean ariamh. An cátha a bhíodh nuair a bhíodh a mhin bainnte as an gcoirce tugadi abhaile é agus tugtaoi do bheithidhe é agus chonnaic cátha agus uisge faoi dá ól ag daoine. Shgán a bhí ar an deoch sin dá mbeadh an cháta san uisge roinnt laetheanna bheadh sé gear agus deireadh daoine go mba sláinteamhail an deoch é.

Bhíodh daoine ag meilt an choirce do beithdhe. Shíl said go mbfhearr an bheatha an coirce agus an grán ina dhá leith. Chonnaic mé an bhró bheag láimhe ag obair agus arán déanta de'n mhin a dhéanadh sí. Bhí dhá chloch ann an ...